



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2024
(OR. en)

10683/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0125(NLE)

COSCE 2
COEST 343
RELEX 754
JAI 942
COJUR 56

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Bealtaine 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 224 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlachtaí Chomhairle na hEorpa i ndáil leis an athrú ar stádas an Aontais Eorpaigh ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 224 final.

Faoi iamh: COM(2024) 224 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2024
COM(2024) 224 final

2024/0125 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlachtaí Chomhairle na hEorpa i ndáil leis an athrú ar stádas an Aontais Eorpaigh ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le hathrú stádais an Aontais Eorpaigh ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ('Clár an Damáiste' nó 'Clár').

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 12 Bealtaine 2023, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Rún lena mbunaítear an Páirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin¹.

Feidhmíonn Clár an Damáiste mar thaifead, i bhfoirm dhoiciméadach, ar fhianaise agus ar fhaisnéis éileamh maidir le damáiste, caillteanas nó díobháil a rinneadh do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, de dheasca ghníomhartha Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne ón 24 Feabhra 2022 ar chríoch na hÚcráine, ar ghníomhartha iad atá éagórach go hidirnáisiúnta.

Mar gheall ar na srianta ama roimh an 4^ú cruinniú mullaigh de Chomhairle na hEorpa a tionóladh an 16-17 Bealtaine 2023 i Réicivíc, inar fógraíodh bunú Chlár an Damáiste, ba é an t-aon bhealach amháin é chun go mbeadh an tAontas ina chomhalta bunaidh de Chlár an Damáiste ná páirt a ghlacadh sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe mar Chomhalta Comhlach, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 2, de Reacht an Pháirt-chomhaontaithe Mhéadaithe sin.

Chun na críche sin, an 11 Bealtaine 2023, tar éis cinneadh ceaptha beartas ón gComhairle lena dtacaítear leis an aistriú sin², ghlac an Coimisiún Cinneadh de bhun Airteagal 220 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun Uachtarán an Choimisiúin a údarú fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a bheith rannpháirteach sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste, mar chéad chéim mar Chomhalta Comhlach bunaidh³. Níor cruthaíodh aon oibleagáid dhlíthiúil don Aontas faoin dlí idirnáisiúnta le rannpháirtíocht an Aontais mar Chomhalta Comhlach sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe, ná ní raibh sé i gceist go gcruthófaí aon oibleagáid dhlíthiúil don Aontas faoin dlí idirnáisiúnta.

Ón lá inniu, chomh maith leis an Aontas, ghlac 43 Stát páirt i gClár an Damáiste, 40 mar Rannpháirtithe⁴ – lena n-áirítear 26 Bhallstát⁵ – agus trí cinn mar Chomhaltaí Comhlacha⁶.

I gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Reacht Chlár an Damáiste, Feisirí Comhlacha a dhéanann ranníocaíochtaí deonacha leis an gClár de mhéid atá comhionann leis an méid a bheadh orthu

¹ Rún CM/Res(2023)3 lena mbunaítear an Páirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin (arna ghlacadh ag Coiste na nAirí an 12 Bealtaine 2023 ag an 1466^ú cruinniú d'Ionadaithe na nAirí).

² Nóta Ítime I/A 9016/23, an 5 Bealtaine 2023.

³ C(2023) 3241, 11.5.2023.

⁴ An Albáin, Andóra, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an tSeoirsia, an Ghearmáin, an Ghréig, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Poblacht na Moldóive, Monacó, Montainéagró, an Ísiltír, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, San Mairíne, Poblacht na Slóvaice, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe.

⁵ Níor ghlac an Ungáir páirt i gClár an Damáiste.

⁶ Ceanada, an tSeapáin agus na Stáit Aontaithe.

a íoc dá mba Rannpháirtithe iad a raibh raon iomlán de chearta na Rannpháirtithe acu le linn na bliana airgeadais ar ina leith a rinne siad an ranníocaíocht sin. D'íoc an tAontas ranníocaíocht dheonach EUR 1 mhilliún le haghaidh 2023 cheana féin agus gheall sé an ranníocaíocht bhliantúil a mholtar le haghaidh 2024 a íoc. Dá bhrí sin, tairbhíonn sé de raon iomlán na gceart atá ag na Rannpháirtithe faoi láthair.

I bhfianaise leas an Aontais a áirithiú go mbeidh iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha, atá éagórach go hidirnáisiúnta, ag Cónaidhm na Rúise, agus ós rud é gur céad chéim shuntasach é Clár an Damáiste a bhunú chun cúiteamh tráthúil a áirithiú do na híospartaigh, is iomchuí anois stádas an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe a athrú ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí agus, ar an gcaoi sin, tiomantas daingean an Aontais do ghníomhaíochtaí an Chláir a athdhearbhú, lena n-áirítear tríd an ranníocaíocht éigeantach bhliantúil a íoc.

Ní hamháin go mbeadh an t-athrú stádais suntasach ó thaobh na polaitíochta de do Chlár an Damáiste ach bheadh tairbhe phraiticiúil ag baint leis freisin toisc go dtabharfadh sé cobhsaíocht airgeadais don Chlár, bunaithe ar ráthaíocht ranníocaíochta airgeadais éigeantaí ón Aontas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an t-athrú ar stádas an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste comhsheasmhach le gealltanais an Aontais a áirithiú go ndéanfar cúiteamh cuí ar na damáistí arb é fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus sáruithe eile ar an dlí idirnáisiúnta is cúis leo, mar a léiríodh cheana le rannpháirtíocht luath an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe céanna mar Chomhalta Comhlach bunaidh. Leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2023, lenar údaraíodh d'Uachtarán an Choimisiúin fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa maidir le rún an Aontais a bheith páirteach sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste mar Chomhalta Comhlach, aithníodh cheana féin nach raibh an stádas sin i gceist ach mar chéad chéim i rannpháirtíocht an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe.

Thairis sin, le bheith ina Rannpháirtí i gClár an Damáiste, comhlánaítear roinnt tionscnamh a rinneadh ar an leibhéal Eorpach ó dheireadh mhí Feabhra 2022 agus arb é is aidhm dóibh a áirithiú go dtabharfar Cónaidhm na Rúise chun cuntais as a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus go dtabharfar daoine aonair atá freagrach as coireanna idirnáisiúnta a rinneadh san Úcráin agus i gcoinne na hÚcráine os comhair na cúirte. Is amhlaidh atá, go háirithe, maidir le bunú an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin (ICPA) ag Eurojust. Ar an gcaoi chéanna, tá an togra seo comhsheasmhach le rannpháirtíocht an Aontais i bhfórait agus i struchtúir éagsúla arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an gcomhar i measc na n-údarás inniúil náisiúnta atá ag imscrúdú na gcoireanna idirnáisiúnta a dhéantar san Úcráin agus i gcoinne na hÚcráine agus a áirithiú nach mbeidh aon saoirse ó phionós i leith coireanna den sórt sin, amhail an Grúpa Idirphlé agus an Grúpa Comhairleach um Choireanna Ainmniómhacha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Léiríonn tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin tiomantas comhroinnte do phrionsabail dhaonlathacha agus do choimirceí an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus na síochána san Eoraip. Dá bhrí sin, tá an togra seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh an t-ord idirnáisiúnta agus an tsíocháin san Eoraip a chosaint, go háirithe i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh atá ann faoi láthair i gcoinne na hÚcráine. Go háirithe, ghlac an tAontas bearta sriantacha nach bhfacthas a leithéid riamh i gcoinne Chónaidhm na Rúise chun na costais ar Chónaidhm na Rúise as a gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a mhéadú agus chun bac a chur ar a cumas leanúint dá fogha. Chun

forfheidhmiú na mbeart sriantach sin a fheabhsú, bhunaigh an tAontas, i measc nithe eile, Tascfhórsa ‘Calcadh agus Coigistiú’ agus ghlac sé Treoir lena gcomhchuibhítear an sainmhíniú ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus pionóis choiriúla ina leith⁷. Cheap an Coimisiún Toscaire Smachtbhannaí an Aontais le plé leanúnach ardleibhéil le tríú tíortha a áirithiú chun imghabháil nó imchéimniú bhearta sriantacha an Aontais a sheachaint, agus d’fhoilsigh sé treoir d’údaráis náisiúnta agus d’oibreoirí príobháideacha agus iad ag déileáil le léirmhíniú rialacha ábhartha an Aontais maidir leis an ábhar sin.

Thairis sin, tá rannpháirtíocht an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste comhsheasmhach leis an gcomhar seanbhunaithe idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa i réimsí chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, an daonlathais agus an smachta reachta.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Ní mór a thabhairt faoi deara go ndéantar foráil maidir leis an mbunús dlí le haghaidh ranníocaíocht an Aontais le Clár an Damáiste cheana féin le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin⁸.

Braitheann an bunús dlí substainteach go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainiú gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór gníomh dlí a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt. Tá príomhaidhm amháin ag an togra seo, is é sin comhar an Aontais le Clár an Damáiste, arna bhunú faoi chuimsiú institiúideach Chomhairle na hEorpa. Tá ról rithábachtach ag Clár an Damáiste maidir le tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus maidir lena fhorfheidhmiú toisc gurb é an chéad chéim é i dtreo sásra cúitimh idirnáisiúnta d’íospartaigh fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Déantar an tionscnamh sin faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe maidir lena ghealltanais a áirithiú go dtabharfar Cónaidhm na Rúise chun cuntais go hiomlán as a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Is é Airteagal 212 CFAE an dara bunús dlí atá leis an togra seo.

Dá bhrí sin, tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 212 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

⁷ Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673 (nár foilsíodh fós).

⁸ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, IO L 792, 29.2.2024.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, is faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a thagann an comhar idir an tAontas agus Clár an Damáiste agus ballraíocht an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste. Dá bhrí sin, níl an togra seo faoi réir seiceáil coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Cuspóirí an Aontais maidir leis an togra seo a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin má dhéanann an tAontas comhaontú idirnáisiúnta ceangailteach mar Rannpháirtí lena ndéantar foráil maidir le gealltanais d'íocaíocht fhadtéarmach na ranníocaíochta éigeantaí bliantúla.

- **An rogha ionstraime**

Tá éifeachtaí dlíthiúla ag rannpháirtíocht sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste, i bhfianaise a struchtúir fhoriomláin agus a fhoclaíochta shaintreoraigh agus, dá bhrí sin, is gá seasamh an Aontais a bhunú le cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) CFAE. Thairis sin, áirítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Is sárú ar an dlí idirnáisiúnta é fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus tá damáiste ollmhór déanta aici cheana féin san Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine. Is é is aidhm don togra seo gealltanais an Aontais a neartú chun a áirithiú, trí Chlár an Damáiste, gur féidir damáistí den sórt sin a chúiteamh go cuí, lena n-áirítear damáistí a eascraíonn as sárú ar chearta bunúsacha ag Chónaidhm na Rúise, amhail na ceartha chun beatha, chun sláine an duine agus chun maoine, chomh maith le toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

I bhfianaise stádas an Aontais mar Rannpháirtí sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste ní mór dó an ranníocaíocht éigeantach bhliantúil a íoc de réir a ghealltanais airgeadais.

De bhun Airteagal 10(3) de Reacht Chlár an Damáiste, tá méid ranníocaíochtaí éigeantacha bliantúla na Rannpháirtithe agus méid ranníocaíochtaí deonacha molta na gComhaltaí Comhlacha araon bunaithe ar na critéir chun scála bliantúil na ranníocaíochtaí le buiséad ginearálta Chomhairle na hEorpa a chinneadh.

Bunaítear an Clár ar feadh tréimhse thosaigh trí bliana, i gcomhréir leis an Rún lena mbunaítear an Páirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste. Tá sé beartaithe faoi dheireadh na tréimhse tosaigh 3 bliana, i.e. faoi mhí na Bealtaine 2026 an t-athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chláir, d'fhonn a mheas an leanfar dá fheidhmiú.

Le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin⁹ déantar foráil maidir leis an mbunús dlí le haghaidh ranníocaíocht an Aontais le Clár an Damáiste. Ar bhonn na gcuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/792, agus go háirithe cúnaimh faoi Chaibidil V, foráiltear le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2024/792 '[L]eis an gcúnaimh faoin gCaibidil seo, tacófar freisin le neartú na n-acmhainneachtaí le haghaidh coinbhleachtaí a chosc, cothú na síochána agus tabhairt faoi na riachtanais, idir réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime, lena n-áirítear trí bhearta cothaithe muiníne agus trí phróisis lena gcuirtear chun cinn an ceartas, tóraíocht na fírinne, athshlánú cuimsitheach iarchoinbhleachta ar mhaithe le sochaí chuimsitheach shíochánta chomh maith le fianaise a bhailiú ar choireanna a rinneadh le linn an chogaidh. Féadfar cistiú a chur ar fáil faoin gCaibidil seo do thionscnaimh agus do chomhlachtaí atá ag obair chun tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú.' Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an bPáirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste an ceartas idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú san Úcráin trí rannchuidiú le sásra lena gcúiteofar an damáiste a bhain don Úcráin agus dá muintir de dheasca sháruithe Chónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta, déantar foráil le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2024/792 maidir leis an mbunús dlí iomchuí ar dá réir is féidir leis an Aontas a ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste.

Is é a bheadh sa líne bhuiséid a fhreastalódh ar an gcaiteachas sin líne 16 06 03 01 — cúnaimh aontachais an Aontais agus bearta eile, ina mínítear sna nótaí tráchta buiséid gaolmhara go gcumhdófar leis an mír seo 'tacaíocht do [...] bhearta eile atá comhlántach le gníomhaíocht an Aontais, sásraí cuntasachta do chogadh foghach na Rúise, mar shampla'.

Maidir leis an modh cur chun feidhme, tá Airteagal 239 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais¹⁰, lena gcuirtear ar chumas an Aontais

⁹ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, IO L 792, 29.2.2024.

¹⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

táillí ballraíochta a íoc le comhlachtaí a bhfuil an tAontas ina chomhalta díobh, infheidhme maidir le ranníocaíocht éigeantach an Aontais leis an gClár agus cuireadh i bhfeidhm cheana é chun ranníocaíocht dheonach 2023 an Aontais leis an gClár a íoc.

An 16 Samhain 2023, ghlac Comhdháil Rannpháirtithe maidir le Clár an Damáiste an buiséad bliantúil do 2024. Socraíodh ranníocaíocht an Aontais do 2024 ag EUR 845 863,71 agus eisíodh an glao comhfhreagrach ar ranníocaíocht chuig an Aontas. Ba cheart an ranníocaíocht a íoc roimh an 1 Iúil 2024 i gcomhréir leis na módúlachtaí thuasluaite.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Áirítear in Airteagal 1 an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, maidir le stádas an Aontais a athrú ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste.

Le hAirteagal 2, déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm na Chinnidh seo.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlachtaí Chomhairle na hEorpa i ndáil leis an athrú ar stádas an Aontais Eorpaigh ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 14 Samhain 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún lena n-aithnítear an gá atá le sásra idirnáisiúnta a bhunú chun damáiste, caillteanas nó díobháil a chúiteamh de dheasca ghníomhartha Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar gníomhartha iad atá éagórach go hidirnáisiúnta. Moltar sa Rún freisin go gcruthódh na Ballstáit, i gcomhar leis an Úcráin, clár damáiste idirnáisiúnta chun feidhmiú mar thaifead ar fhianaise ábhartha agus ar fhaisnéis maidir le héilimh ina leith.
- (2) An 12 Bealtaine 2023, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Rún lena mbunaítear an Páirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin.
- (3) Ba cheart Clár an Damáiste feidhmiú mar thaifead, i bhfoirm dhoiciméadach, ar fhianaise agus ar fhaisnéis maidir le héilimh i ndáil le damáiste, caillteanas nó díobháil a bhain do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, de dheasca ghníomhartha Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne ón 24 Feabhra 2022 ar chríoch na hÚcráine, ar gníomhartha iad atá éagórach go hidirnáisiúnta.
- (4) Ghlac an tAontas páirt sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste mar Chomhalta Comhlach bunaidh trí bhithin Cinneadh ón gCoimisiún, a glacadh an 11 Bealtaine 2023, de bhun Airteagal 220 CFAE, agus thug sé fógra faoi d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an lá céanna. Sular ghlac sé an Cinneadh, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais mar Chomhalta Comhlach bunaidh i gClár an Damáiste, a d'fhorghuinigh go polaitiúil an cinneadh maidir leis an Aontas a bheith rannpháirteach.
- (5) Leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2023, lenar ghlac an tAontas páirt sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste, aithníodh cheana féin nach raibh stádas an Aontais mar Chomhalta Comhlach ach ina chéad chéim i rannpháirtíocht an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe sin.
- (6) An 29 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, lena ndearna na comhreachtóirí

foráil *inter alia* maidir leis an mbunús dlí le haghaidh cistiú do thionscnaimh agus do chomhlachtaí a bhfuil baint acu le tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus lena fhorfheidhmiú.

- (7) I bhfianaise leas an Aontais a áirithiú go mbeidh iarmhairtí dlíthiúla ar Chónaidhm na Rúise de dheasca a gníomhartha i gcoinne na hÚcráine, ar gníomhartha iad atá éagórach go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear an oibleagáid cúiteamh a thabhairt i leith aon damáiste, caillteanais agus díobhála de dheasca na ngníomhartha sin, agus in athdhearbhú ghealltanais daingean an Aontais a bheith rannpháirteach i gClár an Damáiste chomh maith leis an leas atá aige tairbhiú de na cearta iomlána mar Rannpháirtí, is iomchuí stádas an Aontais sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste a athrú ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí.
- (8) Ceanglaítear ar rannpháirtithe sa Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste ranníocaíocht éigeantach bhliantúil a íoc le Clár an Damáiste. I gcás an Aontais, ba cheart an íocaíocht sin a dhéanamh i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais fógra a thabhairt faoin athrú ar stádas an Aontais sa ‘Pháirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin’ ó Chomhalta Comhlach go Rannpháirtí.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*